2025/687 7.4.2025

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/687 ÓN gCOIMISIÚN

## an 30 Eanáir 2025

## lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 a mhéid a bhaineann le cigireachtaí réamhbháis i seamlais, cigireachtaí réamhbháis ar láthair an ghabháltais bunáitíochta agus cigireachtaí iarbháis

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ([1]), agus go háirithe Airteagal 18(7), pointí (a), (d) agus (e), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos rialacha sonracha maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar tháirgeadh táirgí de bhunadh ainmhíoch a bhfuil sé beartaithe iad a chaitheamh ag an duine i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625, lena n-áirítear maidir le cigireachtaí réamhbháis i seamlais, cigireachtaí réamhbháis ar láthair an ghabháltais bunáitíochta agus cigireachtaí iarbháis.

(2) Le hAirteagal 3(3), pointí (c) agus (d) agus Airteagal 8, pointí (c) agus (d), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624, déantar tagairt don eitinn agus don bhruisealóis. Athraíodh ainmneacha eolaíocha na ngalar sin go hionfhabhtú le coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis* (*M. bovis*, *M. caprae* agus *M. tuberculosis*) agus ionfhabhtú le *Brucella abortus*, *B. melitensis* agus *B. suis* faoi seach le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]). Dá bhrí sin, is gá a n-ainmneacha a athrú in Airteagail 3 agus 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624.

(3) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún ([4]) leagtar amach na critéir maidir le stádas saor ó ghalar a dheonú a mhéid a bhaineann le hionfhabhtú le coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis* agus ionfhabhtú le *Brucella abortus*, *B. melitensis* agus *B. suis*. Tá an stádas sin le deonú ar leibhéal na bunaíochta ina gcoimeádtar na hainmhithe seachas ar leibhéal an tréada, de bhun an Rialacháin Tharmligthe sin. In Airteagail 3 agus 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 déantar tagairt d'ainmhithe nár dearbhaíodh go hoifigiúil go bhfuil siad saor ón eitinn agus ón mbruisealóis. Ar mhaithe le comhsheasmhacht, is gá na hAirteagail sin a leasú chun tagairt a dhéanamh d'fhorálacha sonracha Rialachán (AE) 2020/689 maidir le stádas saor ó ghalar.

([1]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/625/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2019 maidir le rialacha sonracha i dtaca le rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar tháirgeadh na feola agus i dtaca le limistéir táirgthe agus athsheachadta na moileasc débhlaoscach beo i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 131, 17.5.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/624/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') (IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le faireachas, cláir dhíothaithe agus stádas saor ó ghalair i ndáil le galar liostaithe áirithe agus galair áirithe atá ag teacht chun cinn (IO L 174, 3.6.2020, lch. 211, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/689/oj).

(4) In Airteagal 4, pointe (41) de Rialachán (AE) 2016/429 sainítear crios srianta mar chrios ina gcuirtear i bhfeidhm srianta ar ghluaiseachtaí ainmhithe áirithe. Mar sin féin, féadfaidh feidhm a bheith ag maoluithe ó shrianta gluaiseachta i gcriosanna srianta maidir le hainmhithe talún ar coimeád de bhun Airteagal 126(1), pointe (b)(iii), de Rialachán (AE) 2016/429. Dá bhrí sin, is gá na tagairtí do shrianta sláinte ainmhithe in Airteagail 3 agus 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 a ailíniú leis na forálacha sin de Rialachán (AE) 2016/429.

(5) Leagtar síos in Airteagal 6 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 na critéir agus na coinníollacha sonracha lena suitear cathain a fhéadfar cigireachtaí réamhbháis a dhéanamh ar láthair an ghabháltais bunáitíochta. Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1141 ón gCoimisiún [5] leasaíodh Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. [6] Le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 arna leasú, ceadaítear ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair a mharú ar láthair an ghabháltais bunáitíochta faoi choinníollacha áirithe. Ceadaítear leis freisin géim feirme a mharaítear ar láthair an ghabháltas bunáitíochta a iompar chuig bunaíocht láimhseála géim. Maidir leis na critéir agus na coinníollacha sonracha lena suitear cathain a fhéadfar cigireachtaí réamhbháis a dhéanamh ar láthair an ghabháltais bunáitíochta, a leagtar síos in Airteagal 6 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624, ba cheart iad a ailíniú leis na coinníollacha a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.

(6) Tagraíonn Airteagal 6(2) agus Airteagal 6(4), pointe (a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/628 ón gCoimisiún [7]. Cuireadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 [8] ón gCoimisiún in ionad Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/628. Ar chúiseanna comhsheasmhachta agus chun débhríocht a sheachaint, ba cheart na tagairtí agus an téarmaíocht in Airteagal 6(2) agus Airteagal 6(4), pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 a oiriúnú dá réir.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 mar a leanas:

(1) in Airteagal 3 cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Ní bheidh feidhm ag na maoluithe i míreanna 1 agus 2:

(a) maidir le hainmhithe a ndéantar marú éigeandála orthu dá dtagraítear i Roinn I, Caibidil VI, d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

(b) maidir le hainmhithe a bhfuil amhras fúthu go bhfuil galar nó riocht orthu a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do shláinte an duine;

(5) Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1141 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2023 lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais shonracha sláinteachais maidir le feoil, táirgí iascaigh, táirgí déiríochta agus uibheacha áirithe (IO L, 2024/1141, 19.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/1141/oj).

(6) Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha sonracha sláinteachais le haghaidh bia de bhunadh ainmhíoch (IO L 139, 30.4.2004, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/853/oj).

(7) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/628 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2019 maidir le deimhnithe oifigiúla caighdeánacha le haghaidh ainmhithe agus earraí áirithe agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2074/2005 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/759 a mhéid a bhaineann leis na deimhnithe caighdeánacha sin (IO L 131, 17.5.2019, lch. 101, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/628/oj).

(8) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha, deimhnithe oifigiúla caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha/oifigiúla caighdeánacha, maidir le coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe agus earraí a theacht isteach san Aontas agus lena ngluaiseachtaí laistigh den Aontas, deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 599/2004, Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 636/2014 agus (AE) 2019/628, Treoir 98/68/CE agus Cinntí 2000/572/CE, 2003/779/CE agus 2007/240/CE (IO L 442, 30.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/2235/oj).

(c) maidir le bó-ainmhithe ó bhunaíochtaí a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (27), de Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), nár deonaíodh an stádas 'saor ó ionfhabhtú le coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis*' (*M. bovis, M. caprae* agus *M. tuberculosis)* dóibh mar a leagtar síos i gCuid II, Caibidil 1, Ranna 1 agus 2, d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún (**);

(d) maidir le bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach nó den chineál gabhair ó bhunaíochtaí a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (27), de Rialachán (AE) 2016/429, nár deonaíodh an stádas 'saor ó ionfhabhtú le *Brucella abortus*, *B. melitensis* agus *B. suis* gan vacsaíniú' dóibh mar a leagtar síos i gCuid I, Caibidil 1, Ranna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689;

(e) maidir le hainmhithe a thagann ó chrios srianta dá dtagraítear in Airteagal 126(1), pointe (b)(iii), de Rialachán (AE) 2016/429 agus atá faoi réir srianta laistigh den chrios sin;

(f) maidir le hainmhithe atá faoi réir rialuithe níos déine de thoradh leathadh galar atá ag teacht chun cinn nó galair áirithe atá liostaithe ag an Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe.

---

(*) Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') (IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj).

(**) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le faireachas, cláir dhíothaithe agus stádas saor ó ghalar i ndáil le galair liostaithe áirithe agus galair áirithe atá ag teacht chun cinn (IO L 174, 3.6.2020, lch. 211, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/689/oj).';

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

'*Airteagal 6*

**Critéir agus coinníollacha speicis-oiriúnaithe lena leagtar síos cathain is féidir cigireachtaí réamhbháis a dhéanamh ar láthair an ghabháltais bunáitíochta**

(1) Cuirfidh na húdaráis inniúla na critéir shonracha agus na coinníollacha sonracha a leagtar síos san Airteagal seo i bhfeidhm i gcásanna ábhartha na héanlaithe clóis, an ghéim feirme, na mbó-ainmhithe clóis, na n-ainmhithe clóis den chineál caorach, na n-ainmhithe clóis den chineál gabhair, na muc-ainmhithe clóis agus na n-each-ainmhithe clóis.

(2) I gcás éanlaith chlóis a thógtar chun '*foie gras*' a tháirgeadh agus i gcás éanlaith chlóis dhí-innithe mhoillithe a tháirgeadh, a mharaítear ar láthair an ghabháltais bunáitíochta, beidh an deimhniú sláinte arna chomhlánú i gcomhréir leis an deimhniú sláinte caighdeánach a leagtar amach i gCaibidil 2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 (*) ón gCoimisiún ag gabháil leis na conablaigh neamh-dhí-innithe chuig an seamlas nó chuig an monarcha gearrtha nó seolfar é roimh ré in aon fhormáid, in ionad an deimhnithe sláinte dá dtagraítear in Airteagal 5(2), pointe (f), den Rialachán seo.

(3) I gcás bó-ainmhithe clóis, ainmhithe clóis den chineál caorach, ainmhithe clóis den chineál gabhair agus muc-ainmhithe clóis, dlúthchrúbaigh chlóis agus géim feirme a mharaítear ar láthair an ghabháltais bunáitíochta i gcomhréir le Roinn I, Caibidil VIa nó Roinn III, pointe 3, d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, beidh an deimhniú sláinte arna chomhlánú i gcomhréir leis an deimhniú sláinte caighdeánach a leagtar amach i gCaibidil 3 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ag gabháil leis na hainmhithe chuig an seamlas nó, i gcás géim feirme, chuig an seamlas nó chuig an mbunaíocht láimhseála géim, nó seolfar é roimh ré in aon fhormáid, in ionad an deimhnithe sláinte dá dtagraítear in Airteagal 5(2), pointe (f), den Rialachán seo.

(4) I gcás géim feirme a mharaítear ar láthair an ghabháltais bunáitíochta i gcomhréir le Roinn III, pointe 3(a), d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004:

(a) beidh an deimhniú sláinte arna chomhlánú i gcomhréir leis an deimhniú sláinte caighdeánach a leagtar amach i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ag gabháil leis na hainmhithe chuig an seamlas nó chuig an mbunaíocht láimhseála géim, nó seolfar é roimh ré in aon fhormáid, in ionad an deimhnithe sláinte dá dtagraítear in Airteagal 5(2), pointe (f), den Rialachán seo;

(b) fíoróidh an tréidlia oifigiúil go tráthrialta go ndéanann na daoine a dhéanann an marú agus an fuiliú a gcuid cúraimí mar is ceart.

(5) De mhaolú ar Airteagal 5(4), féadfaidh na Ballstáit marú géim feirme a cheadú go dtí 28 lá ó dháta eisiúna an deimhnithe sláinte dá dtagraítear in Airteagal 5(2), pointe (f), sna cásanna seo a leanas:

(a) ní sholáthraíonn an táirgeoir ach cainníochtaí beaga den fheoil géim feirme go díreach don tomhaltóir deiridh nó do na bunaíochtaí miondíola áitiúla a sholáthraíonn go díreach don tomhaltóir deiridh; agus

(b) nuair nach maraítear níos mó ná 50 ainmhí in aghaidh na bliana agus in aghaidh an ghabhháltais bunáitíochta.

---

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha, deimhnithe oifigiúla caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha/oifigiúla caighdeánacha, maidir le coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe agus earraí a theacht isteach san Aontas agus lena ngluaiseachtaí laistigh den Aontas, deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 599/2004, Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 636/2014 agus (AE) 2019/628, Treoir 98/68/CE agus Cinntí 2000/572/CE, 2003/779/CE agus 2007/240/CE (IO L 442, 30.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/2235/oj).';

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

'*Airteagal 8*

**Na cigireachtaí iarbháis a bheith á ndéanamh ag an tréidlia oifigiúil**

Is é an tréidlia oifigiúil a dhéanfaidh an chigireacht iarbháis sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás ainmhithe a ndéantar marú éigeandála orthu dá dtagraítear i Roinn I, Caibidil VI, d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

(b) i gcás ainmhithe a bhfuil amhras fúthu go bhfuil galar nó riocht orthu a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do shláinte an duine;

(c) i gcás bó-ainmhithe ó bhunaíochtaí a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (27), de Rialachán (AE) 2016/429, nár deonaíodh an stádas 'saor ó ionfhabhtú le coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis*' (*M. bovis, M. caprae* agus *M. tuberculosis)* dóibh mar a leagtar síos i gCuid II, Caibidil 1, Ranna 1 agus 2, d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689;

(d) i gcás bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach nó den chineál gabhair ó bhunaíochtaí a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (27), de Rialachán (AE) 2016/429, nár deonaíodh an stádas 'saor ó ionfhabhtú le *Brucella abortus*, *B. melitensis* agus *B. suis* gan vacsaíniú' dóibh mar a leagtar síos i gCuid I, Caibidil 1, Ranna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689;

(e) i gcás ainmhithe a thagann ó chrios srianta dá dtagraítear in Airteagal 126(1), pointe (b)(iii), de Rialachán (AE) 2016/429 agus atá faoi réir srianta laistigh den chrios sin;

(f) i gcás inar gá rialuithe níos déine chun galair atá ag teacht chun cinn nó galair áirithe atá liostaithe ag an Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe a chur san áireamh;

(g) i gcás maolú ar uainiú na cigireachta iarbháis i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Eanáir 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN